# Círéibeacha i mBaile Átha Cliath


Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chíréibeacha (*riots*) a tharla i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Bainigí úsáid as na híomhánna chun cuidiú libh leis an gcaint. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

1. Cathain a tharla na círéibeacha?
2. Cén áit ar tharla an trioblóid?
3. Cén fáth ar tharla na círéibeacha?
4. Cé a chuir tús leis na círéibeacha agus cén fáth?

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| tine, trí thine,<br>triúr páistí … | *looting …* |



# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| obair ghlantacháin | *agitated* |
| creachadóireacht | *to predict* |
| corraithe | *clean-up work* |
| antoiscigh | *deal with* |
| eite dheis | *extremists* |
| cathaoirleach | *right-wing* |
| a thuar | *minder* |
| athbhreithniú | *review* |
| (téigh) i ngleic le | *looting* |
| feighlí | *chairperson* |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Bhí muintir na hÉireann _________________ tar éis an méid a tharla sa chathair.
- Meastar gur _________________ ón _______________ ba chúis leis na círéibeacha.
- Tá _______________ ar siúl sa cheantar fós tar éis an damáiste a rinneadh.
- Gortaíodh ________________ agus triúr páistí in ionsaí a spreag an foréigean.
- Dúirt na Gardaí go raibh sé deacair a leithéid d'agóidí ________________ roimh ré.
- Caithfear ________________ a dhéanamh ar an tslí a dtéann na Gardaí ________________ heachtraí mar sin.
- Dúirt ________________ grúpa gnó go raibh an-díomá ar an ngrúpa faoin méid a tharla.
- Rinneadh ________________ ar go leor siopaí sa chathair.

3. Má chiallaíonn 'loic' *fail*, cad is brí leis an bhfrása seo: 'Níor loic na Gardaí ar an bpobal'?
4. Cloisfidh tú Aodhán Ó Ríordáin ag rá sa mhír nach raibh aon ionadh air. An bhfuil focal eile agat féin ar 'ionadh'?
5. Cén fhréamh atá ag na briathra seo – **dódh** agus **sádh**? Cad is brí leo?

# C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén fáth a raibh obair ghlantacháin ar siúl i gCathair Bhaile Átha Cliath?
2. Cén áit go díreach a raibh an trioblóid?
3. Cad a dódh (a cuireadh trí thine) le linn na gcíréibeacha?
4. Cad iad na siopaí a ndearnadh creachadóireacht orthu?
5. Meaitseáil na daoine ar chlé leis an méid a dúirt siad ar dheis:

| | |
|---|---|
| Coimisinéir na nGardaí | 'Tá níos mó Gardaí ag teastáil ar na sráideanna.' |
| Joe Costello | 'Níl aon iontas orm faoi seo mar bhí go leor agóidí le tamall anuas.' |
| Aodhán Ó Ríordáin | 'Caithfidh muid athbhreithniú a dhéanamh ar an tslí a dtéann na Gardaí i ngleic le heachtra mar seo.' |

6. Conas atá na daoine a ionsaíodh taobh amuigh de Ghaelscoil Choláiste Mhuire anois?



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar)

a) Cuirfidh an teagascóir an chéad chuid den mhír ar siúl arís. Éist go cúramach leis an gcuid sin agus líon na bearnaí sa script leis na saorbhriathra cearta san aimsir chaite.

Bhí obair ghlantacháin ar siúl ar feadh an lae ar Shráid Uí Chonaill agus an ceantar thart air i ndiaidh chíréibeacha na hoíche aréir i lár na príomhchathrach. (Dóigh) __________ busanna – chomh maith le tram – agus (déan) __________ damáiste mór d'ocht ngluaisteán agus veain de chuid na nGardaí.

Feiceann tú cuid den damáiste a (déan) __________ anseo i lár Bhaile Átha Cliath aréir ar an leoraí taobh thiar díom. Sin an méid atá fágtha de dhá bhus de chuid Bhus Átha Cliath. Agus tá an bus eile taobh thiar de dóite chomh maith.

(Ionsaigh) __________ agus (déan) __________ creachadóireacht ar thrí shiopa dhéag, ina measc *Arnotts*, *Footlocker* agus *JD Sports*. (Dírigh) __________ ar Ghardaí agus (gortaigh) __________ Garda amháin go holc. Bhí daoine corraithe faoin ionsaí agus táthar den bharúil gur antoiscigh ón eite dheas a spreag an foréigean.

b) An bhfuil na briathra thuas litrithe mar is ceart agat? Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Mura bhfuil siad litrithe i gceart agaibh téigí go dtí https://www.teanglann.ie/ga/gram/ chun an litriú ceart a aimsiú. Féach:




## 2: Cruinneas Gramadaí (na huimhreacha)

a) Féach ar an sampla ón mír: 'trí shiopa dhéag'. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'déag'

b) Féach: 'trí bliana déag'. Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar 'déag' sa sampla sin?

c) Scríobh amach na cinn thíos i bhfocail:

*16 days; 11 cars; 13 things (ones); 19 tables; 18 computers; 15 shoes.*

# E: CUMARSÁID

## 1: Scríobh

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an eachtra a tharla sa mhír. Beidh duine díobh ag tuairisciú na heachtra ar TG4 ar ball. Ní bheidh ach 40 soicind am craolta agaibh, áfach. Ciallaíonn sé sin nach féidir níos mó ná cúig líne nó mar sin a scríobh. Caithfidh sibh na pointí tábhachtacha thíos a chlúdach, mar sin féin.

- ✓ Cathain agus cén áit ar tharla an eachtra?
- ✓ Cad agus cé ba chúis leis na círéibeacha?
- ✓ Cé hiad na daoine atá gortaithe?
- ✓ Cén damáiste atá déanta?

## 2: Caint

Nuair a bheidh an script réidh agaibh, roghnaígí duine ón ngrúpa a chuirfidh an tuairisc i láthair ar an nuacht (i láthair an ranga).



## AN SCRIPT

**Peadar Mac Gaoithín**
Bhí obair ghlantacháin ar siúl ar feadh an lae ar Shráid Uí Chonaill agus an ceantar thart air i ndiaidh chíréibeacha na hoíche aréir i lár na príomhchathrach. Dódh busanna – chomh maith le tram – agus rinneadh damáiste mhór[1] d'ocht ngluaisteán agus veain de chuid na nGardaí.

Feiceann tú cuid den damáiste a rinneadh anseo i lár Bhaile Átha Cliath aréir. Ar an leoraí taobh thiar díom, sin an méid atá fágtha de dhá bhus de chuid Bhus Átha Cliath. Agus tá an bus eile taobh thiar de dóite chomh maith.

Ionsaíodh agus rinneadh creachadóireacht ar thrí shiopa dhéag, ina measc *Arnotts*, *Footlocker* agus *JD Sports*. Díríodh ar Ghardaí agus gortaíodh Garda amháin go holc. Bhí daoine corraithe faoin ionsaí agus táthar den bharúil gur antoiscigh ón eite dheas a spreag an foréigean[2].

**Stiofán Ó Troithi, Siopa Búistéara Troy, Sráid an Mhúraigh**
Is mise cathaoirleach an ghrúpa gnó anseo sa chathair. Tá an-díomá ar an ngrúpa gnó faoi cad a tharla aréir sa chathair. Is lá brónach é i mBaile Átha Cliath agus tá gnóthaí trína chéile.

**Peadar Mac Gaoithín**
Dúirt Coimisinéir na nGardaí, Drew Harris, nár loic na Gardaí ar an phobal agus nach bhféadfaí círéibeacha den scála seo a thuar. Caithfear tabhairt faoi athbhreithniú, mar sin féin, a dúirt sé, ar an dóigh a dtéann Gardaí i ngleic le heachtraí mar seo.

**Joe Costello, iarbhall de Choiste Póilíneachta Átha Cliath**
Ceapaim féin go bhfuil gá le níos mó Gardaí, go bhfuil gá le níos mó traenála agus go mór mór, tá gá le níos mó eolais faoi na daoine atá ag déanamh na trioblóide seo.

**Aodhán Ó Ríordáin TD, Páirtí an Lucht Oibre**
Tá an-chuid agóidí le roinnt míonna anuas agus é sin measctha leis an deacracht atá ag na Gardaí ó thaobh uimhreacha de, is léir go raibh, b'fhéidir, go raibh sé seo ag teacht agus ní dóigh liom go bhfuil ionadh orm, cé go bhfuil mé croíbhriste.

**Peadar Mac Gaoithín**
Tá cailín, cúig bliana d'aois, a sádh taobh amuigh de Ghaelscoil Choláiste Mhuire ar Chearnóg Parnell Thoir san eachtra a spreag an foréigean ar fad inné, an-dona tinn san ospidéal go fóill. Gortaíodh beirt pháistí eile agus an bhean a bhí i bhfeighil orthu nuair a d'ionsaigh fear iad taobh amuigh den naíolann atá bainteach leis an scoil ag am lóin. Tá obráid le cur ar dhuine de na páistí agus tá an feighlí go dona tinn.



[1] damáiste (bn) m**h**ór = leagan canúnach de 'damáiste (fir) mór'
[2] an fhoréigean (bn) = leagan canúnach de 'an foréigean (fir)'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna / gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| obair ghlantacháin | *clean-up work* |
| creachadóireacht | *looting* |
| corraithe | *agitated* |
| antoiscigh | *extremists* |
| eite dheas | *right-wing* |
| cathaoirleach | *chairperson* |
| a thuar | *to predict* |
| athbhreithniú | *review* |
| (téigh) i ngleic le | *deal with* |
| feighlí | *minder* |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Bhí muintir na hÉireann **corraithe** tar éis an méid a tharla sa chathair.
- Meastar gur **antoiscigh** ón **eite dheis** ba chúis leis na círéibeacha.
- Tá **obair ghlantacháin** ar siúl sa cheantar fós tar éis an damáiste a rinneadh.
- Gortaíodh **feighlí** agus triúr páistí in ionsaí a spreag an foréigean.
- Dúirt na Gardaí go raibh sé deacair a leithéid d'agóidí **a thuar** roimh ré.
- Caithfear **athbhreithniú** a dhéanamh ar an tslí a dtéann na Gardaí **i ngleic le** heachtraí mar sin.
- Dúirt **cathaoirleach** grúpa gnó go raibh an-díomá ar an ngrúpa faoin méid a tharla.
- Rinneadh **creachadóireacht** ar go leor siopaí sa chathair.

3. *The Gardaí didn't fail/let down the public.*
4. Iontas.
5. Sáigh (sádh) – *stab (was stabbed);* dóigh (dódh) – *burn (was burnt).*

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar)

a) Cuir an chéad chuid den mhír ar siúl arís do na foghlaimeoirí agus iarr orthu na bearnaí a líonadh. Féach:

Bhí obair ghlantacháin ar siúl ar feadh an lae ar Shráid Uí Chonaill agus an ceantar thart air, i ndiaidh chíréibeacha na hoíche aréir i lár na príomhchathrach. **Dódh** busanna – chomh maith le tram – agus **rinneadh** damáiste mór d'ocht ngluaisteán agus veain de chuid na nGardaí. Feiceann tú cuid den damáiste a **rinneadh** anseo i lár Bhaile Átha Cliath aréir ar an leoraí taobh thiar díom. Sin an méid atá fágtha de dhá bhus de chuid Bhus Átha Cliath. Agus tá an bus eile taobh thiar de dóite chomh maith. **Ionsaíodh** agus **rinneadh** creachadóireacht ar thrí shiopa dhéag, ina measc *Arnotts*, *Footlocker* agus *JD Sports*. **Díríodh** ar Ghardaí agus **gortaíodh** Garda amháin go holc. Bhí daoine corraithe faoin ionsaí agus táthar den bharúil gur antoiscigh ón eite dheas a spreag an foréigean.

b) Tabhair deis na do foghlaimeoirí a gcuid freagraí (litriú na saorbhriathra) a sheiceáil ar https://www.teanglann.ie/ga/gram/.

### 2: Cruinneas Gramadaí (na huimhreacha)

a) Cuirtear séimhiú ar an bhfocal 'déag' má chríochnaíonn an t-ainmfhocal a thagann roimhe le guta: trí shiopa d**h**éag *vs* trí fhoirgneamh déag.

b) Tá leagan iolra faoi leith ag cuid de na hainmfhocail, **bliain** san áireamh, tar éis na mbunuimhreacha agus ní leanann siad na gnáthrialacha a bhaineann le hainmfhocail a chomhaireamh. Féach lch 146 ón gCaighdeán Oifigiúil:

9.3.2 AINMFHOCAIL A BHFUIL LEAGAN IOLRA AR LEITH ACU I nDIAIDH NA mBUNUIMHREACHA

Tá roinnt ainmfhocal ann arb í foirm an ainmnigh iolra díobh, nó leagan iolra ar leith díobh, a úsáidtear i ndiaidh na mbunuimhreacha 3–10 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3–9. Léirítear na hainmfhocail sin sa tábla thíos. Cé nach leagan iolra é *fichid*, áirítear an leagan sin san aicme seo.

| | 2 | 3–6 | 7–10 |
|---|---|---|---|
| bliain | bhliain | bliana | mbliana |
| seachtain | sheachtain | seachtaine | seachtaine |
| ceann (*seachas sa bhrí* ball beatha) | cheann | cinn | gcinn |
| cloigeann (*seachas sa bhrí* ball beatha) | chloigeann | cloigne | gcloigne |
| fiche | fhichead | fichid | bhfichid |
| pingin | phingin | pingine | bpingine |
| trian | thrian | treana | dtreana |
| troigh | throigh | troithe | dtroithe |
| uair (*sa bhrí* babhta) | uair | huaire | n-uaire |

**Tábla 9G** Na Bunuimhreacha – Foirmeacha na nAinmfhocal a bhfuil Leagan Iolra ar leith acu

(a) Foirm an ainmnigh uatha de na hainmfhocail a úsáidtear leis na bunuimhreacha 1–2 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 1–2, e.g., *aon phingin amháin; dhá bhliain; aon uair déag; dhá cheann is tríocha*.

(b) Ní chuirtear séimhiú ar an leagan iolra i ndiaidh 3–6 ná i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3–6, e.g., *trí seachtaine; ceithre cinn déag*.

(c) I ndiaidh 3–6 agus i ndiaidh uimhreacha a chríochnaíonn ar 3–6 cuirtear *h* roimh an leagan iolra *uaire*, e.g., *cúig huaire*.

(d) Cuireann na huimhreacha 7–10 agus uimhreacha a chríochnaíonn ar 7–9 urú ar an leagan iolra, e.g., *seacht mbliana; ocht bpingine déag*.

(e) Ní chuirtear séimhiú ar *déag* i ndiaidh an leagain iolra, fiú amháin sa chás go gcríochnaíonn sé ar ghuta, e.g., *trí bliana déag; ocht n-uaire déag*.

(f) Is í foirm an ainmnigh uatha a úsáidtear i ndiaidh na ndeicheanna (seachas *deich*), e.g., *fiche bliain; tríocha pingin; ochtó troigh*.

c) Féach:
*16 days:* sé lá dhéag
*11 cars*: aon ghluaisteán déag
*13 things (ones):* trí cinn déag
*19 tables*: naoi dtábla dhéag nó naoi mbord déag
*18 computers:* ocht ríomhaire dhéag
*15 shoes:* cúig bhróg déag

**E: CUMARSÁID**

**1: Scríobh**

Tabhair deis do na foghlaimeoirí achoimre ghearr den mhír a scríobh le chéile. Bí cinnte go bhfuil an t-eolas ábhartha ar fad san achoimre ach nach bhfuil sí rófhada.

**2: Caint**

Caithfidh an grúpa duine a roghnú chun an mhír a léamh amach don rang iomlán. Iarr orthu an script a léamh amach ar nós tuairisceora.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4